Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Eanáir 2023**
**(OR. en)**

**5766/23**

**SOC 53**
**EMPL 36**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 26 Eanáir 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 40 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN<br>**An t-idirphlé sóisialta a neartú san Aontas Eorpach: leas a bhaint as a chumas iomlán chun aistrithe córa a bhainistiú** |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 40 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 40 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 25.1.2023
COM(2023) 40 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**An t-idirphlé sóisialta a neartú san Aontas Eorpach: leas a bhaint as a chumas iomlán chun aistrithe córa a bhainistiú**

## 1. RÉAMHRÁ

**Is bunchloch den mhúnla sóisialta Eorpach é an t-idirphlé sóisialta**. Ceann de phríomhchuspóirí an Aontais is ea feabhas a chur ar dhálaí maireachtála agus ar dhálaí oibre. Is bealaí bunúsacha chun é sin a dhéanamh iad an t-idirphlé sóisialta agus an chómhargáil, ar rudaí iad a chuireann le táirgiúlacht níos airde agus a chinntíonn cothroime shóisialta, timpeallacht oibre ardchaighdeáin agus daonlathas ag an obair freisin. Teastaíonn comhpháirtithe sóisialta láidre ó Eoraip shóisialta láidir. Dá bhrí sin, ceann de phríomhphrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta is ea é an t-idirphlé sóisialta.

**Tá comhpháirtithe sóisialta láidre fíor-riachtanach le haghaidh bainistiú athruithe éifeachtach cothrom**. Tá an t-athrú aeráide, an digiteáil agus treochtaí déimeagrafacha ina gcúis le hathruithe sciobtha ar an domhan, ar dhomhan na hoibre san áireamh. Chuir COVID-19 dlús le cuid de na hathruithe sin. Is rud ríthábhachtach an t-idirphlé sóisialta maidir le bealaí cothroma a aimsiú chun déileáil leis na hathruithe ar dhomhan na hoibre. Ar fud an Aontais, bhí an t-idirphlé sóisialta chun tosaigh ar dhearadh agus cur chun feidhme beartas a chuir srian le tionchair na paindéime. Ar leibhéal na n-earnálacha agus na gcuideachtaí, bhunaigh comhpháirtithe sóisialta prótacail nua go tapa maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair nó chuir siad oiliúint chun feidhme. Ar an leibhéal náisiúnta, thacaigh siad le húdaráis chun cúnamh airgeadais a thabhairt d'oibrithe agus do chuideachtaí. Bíonn ról tábhachtach ag comhpháirtithe sóisialta freisin maidir le haghaidh a thabhairt ar thionchair fhorleathana an chogaidh fhoghaigh atá an Rúis a chur ar an Úcráin, trí imeascadh daoine easáitithe ón Úcráin, agus dídeanaithe agus imircigh eile, sa mhargadh saothair a éascú, sin agus trí theacht ar réitigh inbhuanaithe ar phá atá á choigeartú agus comhaontuithe comhchoiteanna a thabhairt i gcrích mar fhreagairt ar an ngéarchéim costais maireachtála agus ardleibhéil bhoilscithe.

**Cuireann rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta feabhas ar cheapadh beartas agus ar an reachtóireacht.** Tá eolas agus taithí gan sárú ag comhpháirtithe sóisialta ar an staid fostaíochta agus shóisialta 'ar an láthair'. Is féidir lena n-ionchur cothromaíocht a bhaint amach idir leasanna oibrithe agus fostóirí agus feabhas a chur ar inghlacthacht agus éifeachtúlacht beartas agus reachtaíochta. Is uathúil an ról atá ag comhpháirtithe sóisialta i gcomparáid le páirtithe leasmhara eile. Cuireann an Conradh (Airteagal 154 CFAE) d'oibleagáid ar an gCoimisiún dul i gcomhairle le comhpháirtithe sóisialta maidir le tograí i réimse an bheartais shóisialta (i.e. tograí a thagann faoi Airteagal 153 CFAE), chun go mbeidh an deis ag comhpháirtithe sóisialta caibidlíocht a dhéanamh ar chomhaontuithe, más mian leo déanamh amhlaidh. Féadfar comhaontuithe comhpháirtithe sóisialta a chur chun feidhme trí bhíthin dhlí an Aontais (Airteagal 155 CFAE). Eagraítear idirphlé struchtúrtha ar leibhéal an Aontais Eorpaigh go tráthrialta leis na comhpháirtithe sóisialta i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh um chomhordú an bheartais eacnamaíoch agus fostaíochta, ag gach céim chinniúnach le linn an timthrialla.

**Cuireann an tAontas ról na gcomhpháirtithe sóisialta chun cinn agus molann sé idirphlé sóisialta níos fearr.** Is cuspóir coiteann ag an Aontas agus ag na Ballstáit é an t-idirphlé sóisialta a chur chun cinn, agus éagsúlacht na gcóras náisiúnta á cur san áireamh agus neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta á urramú. Is gá tuilleadh a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais Eorpaigh chun tacú leis an gcumhdach cómhargála agus chun cur le hinniúlacht comhpháirtithe sóisialta, a rannpháirtíocht a spreagadh agus a neamhspleáchas a chosaint[1]. I mí an Mhárta 2021, ina **Phlean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta**[2] d'fhógair an Coimisiún go gcuirfeadh sé tionscnamh i láthair chun tacú leis an idirphlé sóisialta ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais tar éis comhairliúcháin leis na comhpháirtithe sóisialta. Ar an leibhéal polaitiúla is airde iarradh idirphlé sóisialta neartaithe ar gach leibhéal le **Gealltanas Sóisialta Porto**[3] a shínigh Uachtaránacht na Portaingéile ar Chomhairle an Aontais, Parlaimint na hEorpa, an Coimisiún Eorpach, comhpháirtithe leasmhara agus an tArdán Sóisialta. Leis an tionscnamh um idirphlé sóisialta, a luadh sa Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal 'An Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa, Gníomhaíocht Nithiúil a dhéanamh den Fhís' ó mhí an Mheithimh 2022 freisin, cuirtear go mór leis an obair leantach ar an gComhdháil[4].

Sa **Teachtaireacht seo ón gCoimisiún** leagtar amach roinnt bearta nithiúla chun an t-idirphlé sóisialta san Aontas a neartú agus tá **togra le haghaidh moladh ón gComhairle** maidir leis an gcaoi an t-idirphlé sóisialta náisiúnta agus an chómhargáil a neartú ag gabháil léi. D'ullmhaigh an Coimisiún an tionscnamh seo i ndlúthchomhar leis na comhpháirtithe sóisialta agus bhí malartuithe aige le Parlaimint na hEorpa, le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus le Coiste na Réigiún chomh maith.

## 2. IDIRPHLÉ SÓISIALTA NÁISIÚNTA

**Tá éagsúlacht i socruithe agus próisis idirphlé shóisialta ó Bhallstát go chéile:** i dtaca le caidreamh oibreachais comhchoiteann, ról na cómhargála maidir le dálaí oibre a shocrú, acmhainneacht agus ballraíocht eagraíochtaí, leis na struchtúir fhoirmiúla le haghaidh rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta i gceapadh agus cur chun feidhme beartas, agus lena dtábhacht pholaitiúil. Tá córais chómhargála na mBallstát éagsúil óna chéile maidir lena láraithe nó díláraithe atá siad.

**Tá struchtúr foirmiúil náisiúnta idirphlé shóisialta amháin nó níos mó i bhfeidhm ag formhór na mBallstát**, faoinar féidir le hionadaithe ar fhostóirí, ar cheardchumainn agus ar an rialtas ábhair ghinearálta eacnamaíocha agus shóisialta a phlé. Tá éagsúlacht mhór idir ról

1 Féach freisin an Tuarascáil maidir leis an idirphlé sóisialta san Aontas a neartú, leis an sainchomhairleoir Andrea Nahles, freisin, ar fáil ar líne.

2 COM (2021) 102 final, ar fáil ar líne.

3 Gealltanas Sóisialta Porto an 7 Bealtaine 2022, ar fáil ar líne.

4 COM(2022) 404 final, Iarscríbhinn, ar fáil ar líne

agus cumhachtaí na gcomhlachtaí sin, ach de ghnáth bíonn ról comhairleach agus comhairliúcháin acu maidir le dréachtreachtaíocht agus dréachtbheartais, go háirithe i réimsí a bhaineann leis an bhfostaíocht, agus is féidir leo fóram a chur ar fáil uaireanta chun comhaontuithe a chaibidliú. Tá comhlachtaí trípháirteacha ag go leor Ballstát freisin, comhlachtaí a dhéileálann le saincheisteanna sonracha, amhail an tslándáil shóisialta, an fhostaíocht, an oiliúint, agus an tsláinte agus an tsábháilteacht ag an obair. Braitheann idirphlé sóisialta trípháirteach táirgiúil, a bhfuil baint ag údaráis phoiblí leis, ar idirphlé sóisialta láidir dépháirteach.

**I saol athraitheach na hoibre, táthar ag súil le go leor ón idirphlé sóisialta**. Cé go bhfuil dlús na bhfostóirí (sciar na bhfostóirí ar baill iad d'eagraíochtaí fostóirí) réasúnta cobhsaí fós, tá laghdú tagtha (ar an meán) ar dhlús na gceardchumann ar fud na mBallstát. An t-athrú ar ghníomhaíocht eacnamaíoch ón monaraíocht go seirbhísí san earnáil phríobháideach, sin agus saol athraitheach na hoibre, fágann an méid sin go bhfuil sé deacair do cheardchumainn agus d'eagraíochtaí fostóirí baill nua a earcú. Ní dhéantar ionadaíocht ar an-chuid oibrithe atá gníomhach i bhformhór na gcineálacha nua fostaíochta, lena n-áirítear líon méadaitheach daoine féinfhostaithe. Is amhlaidh atá le haghaidh oibrithe a bhfuil conarthaí ar théarma seasta acu, a bhfuil ardú ag teacht ar a líon ach ar lú an dóchúlacht go rachaidh siad isteach i gceardchumann. De bharr na solúbthachta ó thaobh ama agus ionaid oibre de, bíonn deacrachtaí ag ionadaithe na bhfostaithe an lucht saothair ilroinnte sin a eagrú. Le blianta beaga anuas, tá tionscnaimh déanta ag eagraíochtaí comhpháirtíochta sóisialta chun baill nua a mhealladh nó chun guth níos láidre a thabhairt do ghrúpaí áirithe atá faoi ghannionadaíocht (go háirithe oibrithe óga agus oibrithe ardáin) trí straitéisí spriocdhírithe agus iarrachtaí earcaíochta agus trí struchtúir shonracha a chruthú laistigh de na heagraíochtaí. Maidir le comhionannas inscne, tá an-éagsúlacht ar fud an Aontais i sciar na mban i gceardchumann, agus treocht ghinearálta ann de líon méadaitheach ball ar mná iad, d'ainneoin an laghdaithe ar bhallraíocht ceardchumann trí chéile. Tá mná faoi ghannionadaíocht i róil cheannaireachta go fóill.


**Tá laghdú mór tagtha ar sciar na n-oibrithe a chumhdaítear le comhaontuithe comhchoiteanna le 30 bliain anuas.** Laghdaigh sí ó sciar measta 66 % ar an meán san Aontas in 2000 go dtí thart ar 56 % in 2019 agus bhí laghduithe suntasacha ann go háirithe i dtíortha Lár agus Oirthear na hEorpa [Graf 1]. Ar fud na mBallstát, tugadh faoi deara aistriú leathan i dtreo dhílárú na margála ar leibhéal na gcuideachtaí. De réir na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE), níl ardchumhdach (os cionn 50 %) ag an gcómhargáil ach i dtíortha ag a bhfuil cineál éigin cómhargála earnálaí. I dtíortha ag a ndéantar an mhargáil go príomha ar leibhéal na cuideachta, is gnách gur íseal an cumhdach cómhargála. Is gnéithe den chomhargáil a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leo iad an comhordú ar fud na n-earnálacha agus na n-aonad margála, agus leibhéal an chomhordaithe.

**Tá éagsúlacht mhór ann i measc na mBallstát maidir le méid agus cáilíocht rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta i gceapadh beartas.** Cé go bhfuil cáilíocht

rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta cobhsaí le cúpla bliain anuas i bhformhór na mBallstát, tá an-éagsúlacht ina rannpháirtíocht thráthúil fhóinteach ó thír go chéile. Cuid de na cúiseanna leis sin is ea na suíomhanna, nósanna imeachta agus cleachtais institiúideacha éagsúla[5]. Go háirithe, déanann an Coiste Fostaíochta measúnú ar cháilíocht agus éifeachtacht an idirphlé shóisialta sna Ballstáit san 'Athbhreithniú ar an Idirphlé Sóisialta' uaidh gach bliain. Sna conclúidí is déanaí a d'fhormhuinigh an Chomhairle i mí an Mheithimh 2022, cuirtear i dtábhacht, i measc nithe eile, a thábhachtaí atá sé am leordhóthanach a thabhairt do chomhairliúcháin le linn an phróisis ceaptha beartas, creataí institiúideacha leormhaith a áirithiú, agus aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le fothú acmhainneachta agus cumhdach na cómhargála atá ag laghdú[6]. Chuir Parlaimint na hEorpa i dtábhacht freisin go méadaíonn córais láidre cómhargála athléimneacht na mBallstát in aimsir géarchéime eacnamaíche agus gur cheart do na Ballstáit bearta a dhéanamh chun dlús ard na gceardchumann a chur chun cinn agus an laghdú ar an gcumhdach cómhargála a aisiompú[7].

### Graf 1: Cumhdach na cómhargála san Aontas, 2000-2019

**Líon na bhfostaithe a chumhdaítear leis an gcomhaontú comhchoiteann, arna roinnt ar líon iomlán na saothraithe pá agus tuarastail (mar %, 2000 agus 2019).**




Tabhair faoi deara: (1) Is ó na tíortha seo a leanas atá na sonraí is déanaí le fáil: 2019 (AT, BE, CZ, HU, IT, LT, NL, PL, PT), 2018 (BG, DE, DK, ES, FR, LU, LV, SE), 2017 (EL, FI, IE, SI, RO), 2016 (CY, MT), 2015 (SK) agus 2014 (HR). (2) I gcás IT, tá athbhreithniú déanta ar an gcumhdach agus is é 100 % anois é, rud a léiríonn go n-úsáideann na cúirteanna oibreachais

[5] Eurofound (2021), ar fáil ar líne.
[6] Ar fáil ar líne.
[7] Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 11 Márta 2021 maidir leis 'An Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch: An fhostaíocht agus Gnéithe Sóisialta i Suirbhé Bliantúil 2021 um Fhás Inbhuanaithe', ar fáil ar líne.

an bunphá a shocraítear i gcomhaontuithe comhchoiteanna mar thagairt chun prionsabal bunreachtúil an luacha saothair chomhréirigh agus leordhóthanaigh a chur i bhfeidhm. Sásra a bheith ann lena leathnaítear comhaontuithe comhchoiteanna do gach cuideachta, is míniú é sin ar leibhéal 100 % an chumhdaigh cómhargála in RO agus EL in 2000 agus tharla an laghdú go príomha toisc go bhfuarthas réidh leis na sásraí sin agus mar gheall ar athruithe eile ba chúis le dílárú na cómhargála.

Foinse: Le haghaidh 2000 nó an bhliain is gaire di - bunachar sonraí ICTWSS, Eagrán 6.1, Ollscoil Amstardam. Variable AdjCov (# 111). Le haghaidh na sonraí is déanaí atá ar fáil - bunachar sonraí ECFE/AIAS (2021)

**Tá roinnt ionstraimí ag an Aontas a bhfuil sé d’aidhm acu an t-idirphlé sóisialta náisiúnta a neartú.** Ceanglaíonn an Treoir maidir le Pá Íosta[8] ar na Ballstáit gníomhú chun cuidiú le comhpháirtithe sóisialta a n-acmhainneacht a bheith rannpháirteach i gcómhargáil maidir le socrú pá a fhorbairt, agus caibidlíocht chuiditheach, fhóinteach, fheasach maidir le pá a spreagadh. Iarann an Treoir ar na Ballstáit, i gcás nach mbaineann an cumhdach cómhargála 80 % ar a laghad d’oibrithe amach, creat cumasúcháin a chur i bhfeidhm le haghaidh na cómhargála, mar aon le plean gníomhaíochta chun é a chur chun cinn. Tá athruithe leanúnacha teicneolaíochta agus an t-uathoibriú méadaitheach á léiriú féin go mear mar athstruchtúrú ar fud an gheilleagair. Sa chomhthéacs sin, le creat cáilíochta an Aontais maidir le hathstruchtúrú, 2013, cuidítear le cuideachtaí athruithe a thuar agus éifeachtaí fostaíochta agus sóisialta an athstruchtúraithe a mhaolú[9]. Le creat cuimsitheach Treoracha maidir le hoibrithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal trasnáisiúnta araon, bunaítear rialacha chun cearta na n-oibrithe ar leibhéal na cuideachta a chosaint[10], go háirithe le linn athstruchtúraithe. Tá Parlaimint na hEorpa ag breathnú ar rún ina bhfuil moltaí don Choimisiún i ndáil leis an Treoir maidir le Comhairlí Oibreacha Eorpach a athbhreithniú. Ceanglaíonn Treoracha an Aontais maidir le soláthar poiblí[11] ar na Ballstáit an ceart chun an eagraithe agus an ceart chun cómhargála a urramú i gcomhréir le Coinbhinsiún 87 na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir le Saoirse Comhlachais agus le Cosaint an Chirt Eagrúcháin agus Choinbhinsiún 98 EIS maidir leis an gCeart Eagrúcháin agus an Ceart chun Cómhargála.

Féachann an togra ón gCoimisiún le haghaidh Treoir maidir le feabhas a chur ar dhálaí oibre na n-oibrithe ardáin[12] leis an t-idirphlé sóisialta sa gheilleagar ardán a neartú, lena n-áirítear trí chearta nua chun faisnéise agus chun dul i gcomhairle maidir le bainistiú algartamach a dheonú agus trína cheangal ar ardáin saothair dhigiteacha an deis a chur ar fáil do dhaoine a dhéanann obair ardáin teagmháil agus cumarsáid a dhéanamh le chéile agus lena n-ionadaithe. Leis na treoirlínte is déanaí maidir le cur i bhfeidhm dhlí iomaíochta an Aontais i dtaca le comhaontuithe comhchoiteanna le daoine féinfhostaithe soiléirítear na cúinsí inar féidir le daoine áirithe féinfhostaithe dul i mbun caibidlíochta i dteannta a chéile chun a ndálaí oibre a fheabhsú gan rialacha iomaíochta an Aontais a shárú[13]. Rinneadh rannpháirtíocht na

8 Treoir (AE) 2022/2041, ar fáil ar líne.
9 COM/2013/0882 final, ar fáil ar líne.
10 Treoir 1998/59/CE, Treoir 2001/23/CE, Treoir 2002/14/CE agus Treoir 2009/38/CE.
11 Treoir 2014/24/AE, Treoir 2014/25/AE agus Treoir 2014/23/AE.
12 COM(2021) 762 final, ar fáil ar líne.
13 C/2022/6846 ar fáil ar líne.

gcomhpháirtithe sóisialta i ndearadh agus cur chun feidhme beartas agus athchóirithe sóisialta agus fostaíochta a aithint agus a spreagadh a thuilleadh sna treoirlínte fostaíochta chomh maith.

**Le blianta beaga anuas, tá an t-idirphlé sóisialta ag éirí níos tábhachtaí sa Seimeastar Eorpach** agus an toradh air sin ná gur eisíodh roinnt moltaí tírshonracha i ndáil le rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta náisiúnta i gceapadh beartas. I Suirbhé Bliantúil 2023 don Fhás Inbhuanaithe, athdhearbhaíonn an Coimisiún an tábhacht a bhaineann le próiseas cuimsitheach agus le rannpháirtíocht thráthúil na gcomhpháirtithe sóisialta i mbeartas eacnamaíoch agus fostaíochta a chomhordú agus a chur chun feidhme ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta, lena n-áirítear ag na céimeanna ábhartha uile den Seimeastar Eorpach, agus tá cuid mhaith acu ábhartha freisin do chur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF). Sa togra ón gCoimisiún in 2023 le haghaidh Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht cuirtear i dtábhacht an chaoi a mbíonn ról tábhachtach ag rannpháirtíocht intuartha, fhiúntach, thráthúil na gcomhpháirtithe sóisialta chun a áirithiú go ndéanfar athchóirithe agus infheistíocht a dhearadh agus a chur chun feidhme go héifeachtach. Leagann an Coimisiún béim go tráthrialta ar a thábhachtaí atá rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara sa teagmháil a bhíonn aige leis na Ballstáit. Úsáidfidh an Coimisiún fóraim an tSeimeastair Eorpaigh atá ann cheana chun comhpháirtithe leasmhara a choimeád ar an eolas faoi chur chun feidhme RRF agus chun iad a choinneáil rannpháirteach ann.

**Tá tacaíocht á tabhairt ag an Aontas do chomhpháirtithe sóisialta chun feabhas a chur ar a mbonn ballraíochta agus ar a n-acmhainneachtaí riaracháin.** I roinnt Ballstát, níl an acmhainneacht ag comhpháirtithe sóisialta, rud a chuireann cosc orthu páirt éifeachtach a ghlacadh san idirphlé sóisialta[14]. I dtuarascálacha tíre an tSeimeastair Eorpaigh, 2019, cuireadh i dtábhacht gur dúshlán do dheich dtír í acmhainneacht na gcomhpháirtithe sóisialta, agus is amhlaidh a bhí do cheithre thír eile in 2020. Ar an gcéad dul síos, is cúram atá le cur i gcrích ag na comhpháirtithe sóisialta iad féin é an fothú acmhainneachta. Mar sin féin, tá ról tábhachtach le comhlíonadh ag na húdaráis phoiblí, trí thacaíocht theicniúil, tacaíocht airgeadais agus tacaíocht eile a sholáthar.

Faoi Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+)[15] ceanglaítear ar na Ballstáit ar díríodh moladh tírshonrach maidir le hidirphlé sóisialta orthu ar a laghad 0,25 % de na cistí ar fad a chaitheamh ar thacú le fothú acmhainneachta comhpháirtithe sóisialta agus/nó eagraíochtaí neamhrialtasacha, agus ní mór do na Ballstáit eile ar fad méid iomchuí acmhainní CSE+ a leithdháileadh ar an réimse sin. Tá clársceidealú CSE+ le haghaidh fothú acmhainneachta comhpháirtithe sóisialta náisiúnta á éascú ag an gCoimisiún. Tá an fhoghlaim fhrithpháirteach

[14] Eurofound (2020), ar fáil ar líne.
[15] Rialachán (AE) 2021/1057, ar fáil ar líne

agus comhroinnt dea-chleachtas ó Bhallstát go chéile á gcur chun cinn aige freisin, lena n-áirítear tríd na línte buiséid sainphribhléide le haghaidh an idirphlé shóisialta.

**Is gá na hiarrachtaí aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a leagtar amach thuas a ghéarú go mór ar an leibhéal náisiúnta chun leas a bhaint as na buntáistí uile a bhaineann leis an idirphlé sóisialta.** Is féidir le gníomhaíocht an Aontais cuidiú leis na Ballstáit an t-idirphlé sóisialta a chur chun cinn agus tacú le comhpháirtithe sóisialta, ach ní leor í aisti féin. Na dúshláin atá roimh chomhpháirtithe sóisialta, lena n-áirítear na treochtaí meathlaitheacha i gcomhaontuithe comhchoiteanna agus cáilíocht éagsúil an idirphlé shóisialta ó Bhallstát go chéile, ní féidir dul i ngleic leo ach le gníomhaíocht ar an leibhéal náisiúnta. Sa bhreis ar na hionstraimí a luaitear thuas, tacóidh an Coimisiún leis na Ballstáit chun Prionsabal 8 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme trí Mholadh ón gComhairle maidir leis an idirphlé sóisialta a chur i láthair. Nuair a ghlacfar é, tabharfaidh an Moladh sin atá beartaithe treoraíocht do na Ballstáit maidir leis an gcaoi is fearr chun an t-idirphlé sóisialta a chur chun cinn agus an chómhargáil a neartú. Tá tábhacht le cur chun cinn an idirphlé shóisialta agus na cómhargála freisin i gcomhthéacs na caibidlíochta leanúnaí maidir leis an méadú ós rud é nach mór do thíortha is iarrthóirí a struchtúir agus a bpróisis maidir le hidirphlé shóisialta a neartú chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin i saol athraitheach na hoibre.

**Togra ón gCoimisiún le haghaidh Moladh ón gComhairle**

- Molann an Coimisiún Moladh ón gComhairle chun tacú leis na Ballstáit Prionsabal 8 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme ar bhonn leanúnach. Sa togra moltar go n-áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh timpeallacht cumasúcháin ann don idirphlé trípháirteach agus dépháirteach, lena n-áirítear an chómhargáil, a urramaíonn cearta bunúsacha an chomhlachais agus na cómhargála; a chuireann chun cinn eagraíochtaí láidre fostaithe agus fostóirí, lena n-áirítear bearta chun a n-acmhainneacht a neartú; a áirithíonn rochtain ar an bhfaisnéis ábhartha is gá chun a bheith rannpháirteach san idirphlé sóisialta; a chuireann chun cinn rannpháirtíocht san idirphlé sóisialta ar thaobh na bpáirtithe uile; a théann in oiriúint don ré dhigiteach, a chuireann an chómhargáil chun cinn i saol nua na hoibre mar aon leis an aistriú cothrom agus cóir i dtreo na haeráidneodrachta; agus a áirithíonn tacaíocht institiúideach iomchuí.
- Déanfaidh an Coimisiún breithniú go tráthrialta ar na Ballstáit maidir le cur chun feidhme an Mholta, i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta ábhartha agus na Ballstáit, chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn go díreach i ndiaidh a dháta cur chun feidhme. Déanfaidh sé sin comhlánú ar chomhairliúchán agus rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta mar chuid de phróiseas bliantúil an tSeimeastair Eorpaigh.

## 3. IDIRPHLÉ SÓISIALTA AR LEIBHÉAL AN AONTAIS EORPAIGH

**Sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) aithnítear go hiomlán an príomhról atá ag comhpháirtithe sóisialta i ngeilleagar sóisialta margadh, agus tugtar ról sonrach dóibh i reachtóireacht an Aontais i réimse an bheartais shóisialta**. Leis an bhféidearthacht dá bhforáiltear sa Chonradh i ndáil le comhaontuithe comhpháirtithe sóisialta a chur i bhfeidhm i ndlí an Aontais deimhnítear a thábhachtaí atá an t-idirphlé sóisialta san Aontas agus stádas speisialta comhpháirtithe sóisialta ionadaíocha. Agus na forálacha sin á gcur chun feidhme, tá sé fíor-riachtanach urraim a thabhairt do neamhspleáchas agus róil na gcomhpháirtithe sóisialta agus institiúidí an Aontais. Aithnítear a ról chomh maith trí chineál trípháirteach na dtrí Ghníomhaireacht de chuid an Aontais (Eurofound, an Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna agus an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair) agus trí na Coistí Comhairleacha trípháirteacha i réimse na sábháilteachta agus na sláinte ag an obair, maidir le saorghluaiseacht oibrithe, comhordú slándála sóisialta agus gairmoiliúint.

**In 2015, sheol an Coimisiún Tús Nua don Idirphlé Sóisialta, i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta Eorpacha**. Ina dhiaidh sin, shínigh na comhpháirtithe sóisialta Eorpacha, an Coimisiún agus an Chomhairle Ráiteas Comhpháirteach maidir leis an Tús Nua don Idirphlé Sóisialta[16]. Mar chuid den obair leantach, neartaigh an Coimisiún ról na gcomhpháirtithe sóisialta Eorpacha sa Seimeastar Eorpach trí dhul i gcomhairle leo ag pointí tábhachtacha sa phróiseas, chun go mbeadh páirt níos mó acu i gceapadh beartas agus sa reachtóireacht trí fhoirmeacha nua comhairliúchán le comhpháirtithe sóisialta a thabhairt isteach. Tá tuilleadh béime á cur aige ar fhothú acmhainneachta comhpháirtithe sóisialta náisiúnta chomh maith, lena n-áirítear trí chistiú méadaithe, ós rud é nach féidir rath a bheith ar an idirphlé sóisialta ar leibhéal an Aontais gan idirphlé sóisialta náisiúnta atá dea-fheidhmiúil agus éifeachtach.

**Is creat láidir le haghaidh caibidlíochtaí agus comhairliúcháin dhépháirteacha agus thrípháirteacha araon anois é an creat le haghaidh idirphlé sóisialta an Aontais**. Tá sé ríthábhachtach, áfach, go ndéantar an creat a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta chun a áirithiú gur féidir le comhpháirtithe sóisialta a bheith rannchuidiú ina n-iomláine le dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta atá ag teacht chun cinn. Tá sé in am breithniú ar an dul chun cinn a rinneadh i ndiaidh an Túis Nua don Idirphlé Sóisialta agus breathnú ar bhealaí chun leas níos fearr a bhaint as acmhainneacht an idirphlé shóisialta Eorpaigh. Molann an Coimisiún, bunaithe ar a chomhairliúcháin leis na comhpháirtithe sóisialta, tacar beart chun an t-idirphlé sóisialta Eorpach a neartú trína struchtúir a nuachóiriú, trí chomhaontuithe comhpháirtithe sóisialta a spreagadh agus tacú leo, trí rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe

[16] Ráiteas Comhpháirteach maidir le *A New Start for Social Dialogue* [Tús Nua don Idirphlé Sóisialta] (2016), ar fáil ar líne.

sóisialta i gceapadh beartas an Aontais a neartú agus trí thacaíocht airgeadais agus theicniúil an Choimisiúin a dhéanamh níos éifeachtaí.

### 3.1. Struchtúir idirphlé shóisialta

*An leibhéal trastionscail*

**Tá struchtúir thrastionscail sheanbhunaithe i bhfeidhm ag an idirphlé sóisialta Eorpach**. Áirithíonn an Cruinniú Mullaigh Sóisialta Trípháirteach ar mhaithe leis an bhFás agus leis an bhFostaíocht comhbheartú leathbhliantúil idir an Chomhairle, an Coimisiún agus comhpháirtithe sóisialta ar an leibhéal Eorpach[17]. Tugann an tIdirphlé Maicreacnamaíoch fóram don Chomhairle, don Choimisiún, don Banc Ceannais Eorpach agus don Ghrúpa Euro tuairimí a mhalartú le comhpháirtithe sóisialta Eorpacha maidir le beartais airgeadaíochta agus bhuiséadacha agus forbairtí pá. Le blianta beaga anuas, de bhreis ar an athbhreithniú traidisiúnta bliantúil ar an Idirphlé Sóisialta, d'eagraigh an Coiste Fostaíochta roinnt seimineár le comhpháirtithe sóisialta ábhartha Eorpacha agus náisiúnta chun plé a dhéanamh ar ábhair lena mbaineann tábhacht ar leith dóibh (scileanna, bearta a bhaineann le COVID-19 nó aistrithe post, cur i gcás). Cuireann an Coiste um Chosaint Shóisialta comhpháirtithe sóisialta san áireamh ina chuid pléití (maidir le pinsin, cúram fadtéarmach nó rochtain ar an gcosaint shóisialta, mar shampla) go tráthrialta. Is é an Coiste um Idirphlé Sóisialta, arna eagrú ag an gCoimisiún, an príomhfhoram don idirphlé sóisialta trastionscail idir eagraíochtaí comhpháirtíochta sóisialta trastionscail san Eoraip.

Cé gur féidir tabhairt faoi idirphlé cuimsitheach dépháirteach agus trípháirteach san Aontas ar na fóraim sin, le taithí a fuarthas le déanaí i ndáil le uirlisí níos fearr a fhorbairt chun déileáil le hathruithe gasta sóisialta agus ar an margadh saothair leagadh béim ar ghá chomhlántach le hidirphlé trípháirteach níos doimhne maidir leis an bhfostaíocht agus le hábhair shóisialta. Chuir comhpháirtithe sóisialta an-bhéim ar an ngá sin le linn an phróisis comhairliúcháin.

**Déanfaidh an Coimisiún:**

- a iarraidh ar an gCoiste Fostaíochta agus ar an gCoiste um Chosaint Shóisialta malartuithe tráthrialta trípháirteacha maidir le hábhair ábhartha a eagrú agus comhpháirtithe sóisialta Eorpacha agus náisiúnta páirteach iontu.
- i gcomhthéacs chruinnithe an Choiste um Idirphlé Sóisialta agus le comhaontú comhpháirtithe sóisialta, pléití trípháirteacha *ad hoc*/urghnácha le comhpháirtithe sóisialta Eorpacha agus náisiúnta agus le hionadaithe ó na Ballstáit a eagrú maidir le hábhair ábhartha (ganntanais lucht saothair agus scileanna nó aistriú cóir, mar shampla).

[17] Airteagal 152 CFAE agus Cinneadh 2016/1859 ón gComhairle, ar fáil ar líne.

*An leibhéal earnála*

**Cumhdaíonn idirphlé sóisialta earnála an Aontais breis agus 80 % de lucht saothair an Aontais.** Ar na 43 Choiste um Idirphlé Earnála tá 65 eagraíocht fostóirí Eorpacha agus 15 chónaidhm Eorpacha ceardchumann agus déanann siad ionadaíocht ar thart ar 185 mhilliún oibrí agus breis agus 6 mhilliún gnólacht ar fud an Aontais. Pléann agus comhaontaíonn siad bealaí chun feabhas a chur ar dhálaí oibre agus caidreamh tionsclaíoch ina n-earnálacha féin agus téitear i gcomhairle leo maidir le forbairtí ar leibhéal an Aontais ag a bhfuil tionchair shóisialta agus fostaíochta. Chomh maith le comhaontuithe, gach bliain glacann comhpháirtithe sóisialta earnála Eorpacha idir 30 agus 50 seasamh maidir le torthaí comhpháirteacha i réimse leathan ábhar, amhail sláinte agus sábháilteacht ag an obair, dálaí oibre, tionchair an aistrithe i dtreo na haeráidneodrachta, an digiteáil, scileanna, soghluaisteacht an lucht saothair nó comhionannas inscne[18]. Tugann ardchumhdach oibrithe agus cuideachtaí dlisteanacht do na coistí agus áirithítear leis go mbeidh fíorthionchar ag torthaí comhpháirteacha, amhail comhaontuithe uathrialacha, maidir le cur i bhfeidhm. D'ainneoin difríochtaí móra idir earnálacha, tá creat coiteann idirphlé shóisialta curtha ar fáil ag na coistí ar leibhéal an Aontais Eorpaigh.

**Tháinig forbairt ar an gcreat sin le himeacht ama mar fhreagairt ar an ngá go n-imreoidh na comhpháirtithe sóisialta tionchar ar imeascadh níos fearr san Aontas agus go rannchuideoidh siad leis**. Féadfaidh comhpháirtithe sóisialta teacht chun cinn nó imeacht in aon earnáil. Mar shampla, tháinig oibreoirí nua amhail cuideachtaí ísealchostais san eitlíocht shibhialta, cuideachtaí nua i seirbhísí poist nó soláthróirí seirbhíse sóisialta príobháideacha chun cinn le blianta beaga anuas. Chun freagairt níos fearr d'fhorbairtí earnála agus do shaol athraitheach na hoibre, ba cheart do choistí a ndícheall a dhéanamh a bheith cuimsitheach agus an t-ionadaíochas a choinneáil ar bun agus a mhéadú. Ba cheart dóibh freisin ábharthacht an idirphlé shóisialta earnála a mhéadú, lena n-áirítear trí eagraíochtaí comhpháirtíochta sóisialta náisiúnta a spreagadh le bheith rannpháirteach agus trí dhul i gcomhar le hearnálacha/deighleoga nach ndéantar ionadaíocht orthu nó nach gcumhdaítear in idirphlé sóisialta earnála na hEorpa go fóill[19].

**Beidh an Coimisiún, in éineacht le comhpháirtithe sóisialta earnála, rannpháirteach i nuachóiriú an chreata le haghaidh idirphlé sóisialta earnála an Aontais chun feabhas a chur ar a ábharthacht agus ar a éifeachtacht** agus scrúdóidh sé an gá athbhreithniú a dhéanamh ar Chinneadh 98/500/CE ón gCoimisiún lena mbunaítear Coistí um Idirphlé Earnála agus lena gcuirtear an t-idirphlé idir na comhpháirtithe sóisialta chun cinn ar an leibhéal Eorpach[20].

---

[18] Torthaí ar fáil ar líne.

[19] Féach Eurofound (2019), ar fáil ar líne

[20] Cinneadh 98/500/CE ón gCoimisiún, ar fáil ar líne.

**Bíonn tionchar ag gealltanais chomhshaoil ar eagrú cruinnithe.** I gcomhréir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún le déanaí maidir le 'Glasú an Choimisiúin'[21], tá tús curtha ag an gCoimisiún cheana le roinnt cruinnithe a eagrú ar líne nó i bhformáid hibrideach. Leanfaidh an Coimisiún de thacú le heagrú cruinnithe idirphlé shóisialta earnála. Ar an gcaoi sin, forbróidh sé, i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta, cur chuige nua níos glaise maidir lena n-eagrú.

**I ndlúthchomhar le comhpháirtithe sóisialta, déanfaidh an Coimisiún:**

- an creat dlíthiúil le haghaidh na gCoistí um Idirphlé Earnála a nuachóiriú trí athbhreithniú féideartha ar an gCinneadh ábhartha ón gCoimisiún;
- laistigh de chreat reatha na gCoistí um Idirphlé Earnála, sineirgí idir coistí atá ann cheana a éascú, cuimsiú deighleoga nua d'earnálacha eacnamaíocha iontu a chur chun cinn faoi réir chomhlíonadh na gcritéar ábhartha, agus an cur chuige maidir le staidéir ionadaíochais a dhéanamh i gcomhar le Eurofound a choigeartú;
- tús a chur le próiseas chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaoi a n-eagraítear cruinnithe de Choistí um Idirphlé Earnála;
- leanúint de na módúlachtaí maidir le hidirphlé sóisialta earnála nua a chur ar bun le haghaidh seirbhísí ar leibhéal an Aontais Eorpaigh a fhiosrú.

**Iarrann an Coimisiún ar chomhpháirtithe sóisialta:**

- leanúint dá n-iarrachtaí agus measúnú a dhéanamh ar an ngá le tuilleadh gníomhaíochtaí ina n-idirphléití sóisialta féin chun teagmháil a dhéanamh le cleamhnaithe sna Ballstáit nach gcumhdaítear go fóill sna Coistí um Idirphlé Earnála ábhartha, chun feabhas a chur ar bhallraíocht agus ionadaíochas eagraíochtaí ceardchumainn agus fostóirí araon;
- maidir le heagraíochtaí ionadaíocha ábhartha na gcomhpháirtithe sóisialta Eorpacha, cuimsiú na n-eagraíochtaí sin sna coistí atá ann cheana agus sna coistí nua a chur chun cinn.

### 3.2. Tacú le comhaontuithe comhpháirtithe sóisialta

**Tá comhaontuithe comhpháirtithe sóisialta ar cheann de na torthaí is tábhachtaí ó idirphlé sóisialta an Aontais**. Go dtí seo, tá sé chomhaontú trastionscail uathrialacha tugtha i gcrích ag comhpháirtithe sóisialta. De bhreis ar na comhaontuithe uathrialacha, idir 1995 agus 2010 cuireadh ceithre chomhaontú comhpháirtithe sóisialta trastionscail i bhfeidhm trí dhlí an Aontais[22]. Mar sin féin, le 10 mbliana anuas níor thug na comhpháirtithe sóisialta trastionscail

[21] Féach C(2022)2230 final
[22] Treoracha 96/34/CE, 97/81/CE, 1999/70/CE agus 2010/18/AE.

Eorpacha aon chomhaontú nua i gcrích lena chur chun feidhme trí dhlí an Aontais. Tá fáilte ag an gCoimisiún roimh chlár oibre nua 2022-2024 na gcomhpháirtithe sóisialta trastionscail Eorpacha agus roimh an gcaibidlíocht leanúnach ar chomhaontú nua maidir le teilea-obair agus an ceart chun dícheangail a bhfuil sé beartaithe é a chur chun feidhme trí dhlí an Aontais. Ar an leibhéal earnála, rinneadh dlí AE d'ocht gcomhaontú comhpháirtithe sóisialta idir 1999 agus 2018[23] agus d'fhorbair comhpháirtithe sóisialta náisiúnta cúig chomhaontú uathrialacha idir 1999 agus 2021.

**Soiléiríonn breithiúnais ón gCúirt Bhreithiúnais le déanaí[24] an creat le haghaidh comhaontú comhpháirtithe sóisialta a chur chun feidhme trí dhlí an Aontais.** Fágann na breithiúnais go gcinnfidh an Coimisiún, tar éis iarraidh a fháil ó chomhpháirtithe sóisialta a gcomhaontú a chur chun feidhme ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, ar bhonn cás ar chás an iomchuí togra a chur faoi bhráid na Comhairle, lena gcuirtear an comhaontú sin chun feidhme mar Threoir ar leibhéal an Aontais Eorpaigh. Agus comhaontú faoi chaibidlíocht, féadfaidh comhpháirtithe sóisialta gníomhú gan bhac agus ní mór don Choimisiún staonadh ó aon iompar atá dírithe ar thionchar a imirt ar an gcaibidlíocht nó ar ábhar an chomhaontaithe atáthar ag brath a dhéanamh.

**Leanfaidh an Coimisiún, mar thosaíocht, de chomhaontuithe comhpháirtithe sóisialta a chur chun cinn.** Chuige sin, tacóidh ranna an Choimisiúin le caibidliú comhaontuithe comhpháirtithe sóisialta trí thacaíocht riaracháin agus comhairle dlí a sholáthar, arna iarraidh sin do chomhpháirtithe sóisialta, go háirithe maidir le hábhair a d'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith acu ar chur chun feidhme comhaontaithe trí bhíthin dhlí an Aontais (aon mhí-ailíniú féideartha le raon feidhme an Chonartha nó forluití le reachtaíocht atá ann cheana, mar shampla). Ní dhéanfaidh an chomhairle dlí sin, a sholáthraítear ar bhonn na hiarrachta is fearr, réamhbhreith ar sheasamh deiridh an Choimisiúin maidir leis an gcomhaontú a chur faoi bhráid na Comhairle.

Mar a dhearbhaítear leis an mbreithiúnas ón gCúirt an 21 Meán Fómhair 2021 (Cás C-928/19 P), tar éis iarraidh a fháil ó chomhpháirtithe sóisialta comhaontú comhpháirtithe sóisialta a chur chun feidhme trí dhlí an Aontais, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar dhlíthiúlacht an chomhaontaithe agus ionadaíochas na bpáirtithe sínitheacha, agus ar a iomchuí a bheadh sé an comhaontú a chur chun feidhme trí dhlí an Aontais, trí bhreathnú ar ghnéithe eacnamaíocha, sóisialta agus polaitiúla, i measc cúinsí eile. Féadfaidh measúnú tionchair a dhéanamh sa chomhthéacs sin chomh maith. Aithníonn an Coimisiún eolas comhpháirtithe sóisialta ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag a gcomhaontú ar ghnólachtaí agus ar oibrithe.

---

[23] Treoracha 1999/63/CE, 2000/79/CE, 2005/47/CE, 2009/13/CE, 2010/32/AE, 2014/112/AE, 2017/159/AE agus 2018/131/AE.

[24] Breithiúnas ón gCúirt an 14 Deireadh Fómhair 2019, C-928/19, agus Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 21 Meán Fómhair 2021, C-928/19 P.

Cuirfidh ranna an Choimisiúin na comhpháirtithe sóisialta ábhartha ar an eolas laistigh de 3 mhí óna réamhbhreithniúcháin, agus d'fhéadfaidís a áireamh iontu an ndéanfar measúnú tionchair nó nach ndéanfar. Déanfaidh an Coimisiún an cinneadh críochnaitheach ag brath ar chastacht an mheasúnaithe ar an gcomhaontú atá beartaithe agus ceanglais dhlí-eolaíocht na Cúirte Breithiúnais le déanaí á gcur san áireamh.

**Ina theanna sin, leanfaidh an Coimisiún de thorthaí eile comhpháirteacha comhpháirtithe sóisialta a chur chun cinn** amhail creat gníomhaíochtaí, an fhoghlaim fhrithpháirteach nó doiciméid treoraíochta agus de chomhpháirtithe sóisialta Eorpacha a spreagadh torthaí nua a fhorbairt go leanúnach, agus obair leantach a dhéanamh orthu, mar fhreagairt ar dhúshláin atá ag teacht chun cinn.

**Déanfaidh an Coimisiún:**

- tacaíocht riaracháin agus comhairle dlí a sholáthar do chomhpháirtithe sóisialta Eorpacha, arna iarraidh sin dóibh agus le linn a gcaibidlíochta ar chomhaontuithe comhpháirtithe sóisialta a bhfuiltear ag brath iad a chur chun feidhme trí dhlí an Aontais;
- an bhéim ar thionscadail a thacaíonn le cur chun feidhme comhaontuithe comhpháirtithe sóisialta uathrialacha a neartú i nglaonna idirphlé shóisialta ar thograí tionscadail amach anseo.

**Iarrann an Coimisiún ar chomhpháirtithe sóisialta Eorpacha:**

- tuilleadh comhaontuithe comhpháirtithe sóisialta a chaibidliú agus a thabhairt i gcrích;
- a áirithiú go bhfuil sainordú acu óna gcleamhnaithe náisiúnta lena gceadaítear dóibh dul i mbun caibidlíochta maidir le comhaontuithe comhpháirtithe sóisialta;
- leanúint de rannpháirtíocht a mbaill féin i ngníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta, idir ghníomhaíochtaí comhpháirteacha agus ghníomhaíochtaí ar leith, agus i dtionscadail atá dírithe ar chur chun feidhme a gcreat-chomhaontuithe uathrialacha sna Ballstáit uile a áirithiú.

### 3.3. Rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta i gceapadh beartas an Aontais a neartú

**Téann an Coimisiún i gcomhairle leis na 87 gcomhpháirtí shóisialta Eorpacha ar fad a aithnítear maidir le gníomh reachtach féideartha de chuid an Aontais i réimse an bheartais shóisialta a chumhdaítear le hAirteagal 153 CFAE** (dálaí oibre, sláinte agus sábháilteacht ag an obair, oibrithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo, slándáil shóisialta agus cosaint shóisialta oibrithe, comhionannas inscne san fhostaíocht, cuir i gcás). Bhí na comhairliúcháin dhá chéim sin ar bun go seasta le 10 mbliain anuas agus is i scríbhinn a rinneadh gach ceann acu. I réimsí áirithe, amhail luachanna teorann ceirde a shocrú le

haghaidh carcanaiginí, só-ghineach nó substaintí atá tocsaineach don atáirgeadh[25], téitear i gcomhairle go forleathan le comhpháirtithe sóisialta trí úsáid a bhaint as struchtúir shonracha amhail an Coiste Comhairleach Trípháirteach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair. Sna cásanna sin, agus le comhaontú comhpháirtithe sóisialta Eorpacha, d'fhéadfaí an comhairliúchán dhá chéim a dhéanamh trí chruinnithe leis na comhpháirtithe sóisialta ar fad lena mbaineann, chun oibleagáidí uile an Chonartha a chomhlíonadh.

**Ón Tús Nua don Idirphlé Sóisialta, thug an Coimisiún isteach éisteachtaí tiomnaithe mar bhealach nua chun dul i gcomhairle le comhpháirtithe sóisialta Eorpacha** maidir le tionscnaimh nach n-éilíonn an Conradh comhairliúchán dhá chéim ina leith. Léirigh na héisteachtaí tiomnaithe a úsáidí atá siad agus is fóraim thábhachtacha iad don Choimisiún agus do chomhpháirtithe sóisialta araon tuairimí a mhalartú maidir le tionscnaimh beartais atá ar na bacáin. Tháinig méadú ar líon na n-éisteachtaí tiomnaithe i gcaitheamh na mblianta agus leathnaíodh iad chun réimsí beartais eile a chumhdach seachas an fhostaíocht agus ábhair shóisialta faoi Airteagal 153 CFAE (rialachas corparáideach inbhuanaithe, trédhearcacht pá, an Straitéis Eorpach um Chúram, an Straitéis Chuimsitheach um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste, agus toirmeasc a chur ar tháirgí a dhéantar le saothar éigeantais dul isteach i margadh an Aontais, mar shampla). Thairis sin, téitear i gcomhairle leis na Coistí um Idirphlé Earnála maidir le forbairtí AE ag a mbíonn tionchair shóisialta dá n-earnálacha.

**Is den tábhacht é go n-áirithítear formáid agus uainiú cuí na gcomhairliúchán sin chun nach gcailltear deiseanna maidir le hionchur ardcháilíochta le comhairliúcháin a fháil don Choimisiúin**. Is ar a gcúis sin is gá tuiscint níos fearr a bheith ar an idirphlé sóisialta ar fud an Choimisiúin, sin agus cur chuige níos comhleanúnaí maidir le rannpháirtíocht agus comhairliúchán comhpháirtithe sóisialta. Chuideodh forléargas níos fearr ar phleanáil tograí atá ar na bacáin i gclár oibre an Choimisiúin leis na comhpháirtithe sóisialta a n-ionchur agus a ngníomhaíochtaí a ullmhú.

**Thairis sin, téann an Coimisiún i gcomhar le comhpháirtithe sóisialta go tráthrialta maidir le hábhair shonracha.** Tríd an gComhpháirtíocht Eorpach maidir le hImeascadh[26], cuir i gcás, tá sé d'aidhm ag an gCoimisiún agus ag comhpháirtithe sóisialta agus eacnamaíocha Eorpacha cur chuige a bhfuil baint ag an iliomad páirtithe leasmhara leis maidir le himeascadh dídeanaithe agus imirceach eile i margadh an tsaothair a chur chun cinn. Rannchuidíonn comhpháirtithe sóisialta freisin le pléití maidir leis an imirce dhleathach ar an Ardán nua d'Imirce Lucht Saothair.

| **Déanfaidh an Coimisiún:** |
| --- |

[25] Treoir 2004/37/CE maidir le hoibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí, do shó-ghineacha nó do shubstaintí atá tocsaineach don atáirgeadh ag an obair, ar fáil ar líne

[26] Faisnéis ar fáil ar líne.

- ról an Chomhordaitheora Idirphlé Shóisialta a shannadh i ngach roinn den Choimisiún;
- trí Chomhaltaí freagracha an Choláiste, tuairimí na gcomhpháirtithe sóisialta trastionscail Eorpacha maidir le tosaíochtaí beartais a bhailiú roimh Chlár Oibre an Choimisiúin, mar chuid den idirphlé tráthrialta.

**Iarrann an Coimisiún ar chomhpháirtithe sóisialta:**

- tuilleadh seasaimh toraidh chomhpháirtigh a sholáthar roimh na tograí ábhartha ón gCoimisiún.

### 3.4. Tacaíocht airgeadais agus theicniúil a dhéanamh níos éifeachtaí

**Aithnítear an ról speisialta atá ag comhpháirtithe sóisialta agus saintréith Conradhbhunaithe an idirphlé shóisialta Eorpaigh i mbuiséad an Aontais**. Leis an mbuiséad sin, tacaíonn an Coimisiún le tionscadail chomhpháirtithe sóisialta Eorpacha agus náisiúnta, mar aon le taighde ar chaidreamh tionsclaíoch. Maoiníonn agus eagraíonn an Coimisiún cruinnithe an Choiste um Idirphlé Sóisialta, na 43 Choiste um Idirphlé Earnála agus na héisteachtaí comhairliúcháin freisin.

**Tacaíonn an tAontas le taighde tábhachtach ar an idirphlé sóisialta agus ar an gcómhargáil.** Tá caidreamh tionsclaíoch agus an t-idirphlé sóisialta i measc tosaíochtaí straitéiseacha chlár oibre ilbhliantúil 2021-2024 Eurofound. Soláthraíonn Eurofound faisnéis chomparáideach maidir le próisis agus torthaí an idirphlé shóisialta náisiúnta agus na cómhargála; tuairiscíonn sé ar fheidhmiú idirphlé shóisialta trípháirtigh agus ar rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta i gceapadh beartas náisiúnta; soláthraíonn sé sonraí maidir le ham oibre agus socrú pá agus déanann sé anailís ar ról an idirphlé shóisialta i gcomhthéacs an athstruchtúraithe, thionchar an aistrithe i dtreo na haeráidneodrachta agus na digiteála. Tá tionscadal comhpháirteach ar bun ag an gCoimisiún le ECFE freisin chun tacú le forbairt bhunachar sonraí ECFE/AIAS maidir le Saintréithe Institiúideacha Ceardchumann, Socraithe Pá, Idirghabhála Stáit agus Comhaontuithe Sóisialta. Soláthraíonn an tionscadal faisnéis chuimsitheach inchomparáide ar chineál agus raon feidhme athraitheach na cómhargála i dtíortha ECFE agus sna Ballstáit. Thairis sin, gach bliain cómhaoiníonn an Coimisiún roinnt tionscadail taighde Eorpacha maidir leis an gcómhargáil faoina ghlao ar thograí chun feabhas a chur ar an saineolas i réimse an chaidrimh thionsclaíoch.

**Is gá faisnéis a chomhroinnt agus cultúr an idirphlé shóisialta a chothú ar bhealach níos fearr.** Coinníonn an Coimisiún ar bun bunachar sonraí atá ar fáil go poiblí maidir le torthaí a d’aontaigh na comhpháirtithe sóisialta Eorpacha i gcomhpháirt agus cuireann sé faisnéis ar líne ar fáil maidir leis an 40-50 tionscadal idirphlé shóisialta a chistítear gach bliain. D’ainneoin sin, níl ach faisnéis theoranta ann maidir le tionchar an idirphlé shóisialta Eorpaigh ar an leibhéal náisiúnta agus maidir leis an obair leantach ag comhpháirtithe sóisialta náisiúnta ar na torthaí a comhaontaíodh ar leibhéal na hEorpa. Ní ghabhann forálacha

cur chun feidhme le formhór na dtorthaí ar an idirphlé sóisialta Eorpach. Ní dhéantar faireachán, obair leantach ná anailís ar a gcur chun feidhme. Thairis sin, i roinnt Ballstát, tá cultúr an idirphlé shóisialta sách lag mar gheall ar thraidisiúin náisiúnta agus áitiúla a ndearna difear don chaoi ar forbraíodh an t-idirphlé sóisialta. Tá an fheasacht atá ag comhpháirtithe sóisialta náisiúnta ar bheartais an Aontais agus ar institiúidí an mhargaidh saothair éagsúil ó Bhallstát go chéile agus ó eagraíocht comhpháirtíochta sóisialta go chéile, agus d'fhéadfaí í a neartú trí ghníomhaíochtaí faisnéise spriocdhírithe ag a bhfuil cuspóir um fhothú acmhainneachta. D'fhéadfaí a áireamh air sin clár píolótach faisnéise agus cuairte dírithe ar cheannairí óga comhpháirtithe sóisialta.

**Déanfaidh an Coimisiún:**

- líonra taighde a bhunú, i gcomhar le comhpháirtithe sóisialta, chun anailís a dhéanamh ar an idirphlé sóisialta Eorpach, agus chun í a chur chun cinn, agus chun a chur chun feidhme a leanúint;
- tacaíocht a chur ar fáil do chomhpháirtithe sóisialta Eorpacha chun feabhas a chur ar an bhfeasacht atá ag a mballeagraíochtaí ar bheartais an Aontais agus ar institiúidí an mhargaidh saothair.

**Iarrann an Coimisiún ar chomhpháirtithe sóisialta:**

- infheictheacht níos fearr a thabhairt do thorthaí an idirphlé shóisialta Eorpaigh agus do thorthaí thionscadail an Aontais agus a áirithiú go scaiptear na torthaí go forleathan ar a mbaill agus lasmuigh dá n-eagraíochtaí.

## 4. AN TIDIRPHLÉ SÓISIALTA A CHUR CHUN CINN AR FUD AN DOMHAIN

**Tá an tAontas ar thús cadhnaíochta i ndáil leis an idirphlé sóisialta a chur chun cinn go hidirnáisiúnta.** Déanann sé amhlaidh trí chruinnithe comhair tráthrialta leis an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair, le ECFE nó le heagraíochtaí nó comhlachtaí idirnáisiúnta eile ar an leibhéal polaitiúil agus teicniúil araon. Tacaíonn an tAontas agus na Ballstáit go gníomhach le comhpháirtíochtaí domhanda a chuireann an t-idirphlé sóisialta chun cinn, lena n-áirítear trí thionscnamh an Chomhaontaithe Domhanda. I gcomhthéacs bheartas an Aontais um méadú, tacaíonn an Coimisiún le tionscadail ar aidhm dóibh feabhas a chur ar an idirphlé sóisialta i dtíortha is iarrthóirí nó i dtíortha is iarrthóirí ionchasacha freisin, agus glacann sé páirt i malartú dea-chleachtais ar leibhéil éagsúla. I gcomhthéacs Bheartas Comharsanachta na hEorpa, cistíonn an Coimisiún cláir réigiúnacha ar aidhm dóibh an t-idirphlé sóisialta a fheabhsú agus eagraíonn sé Fóram Idirphlé Shóisialta an Aontais don Réigiún Meánmhuirí le comhpháirtithe sóisialta ón dá thaobh den Mheánmhuir. Trí chomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta agus le tairiscint luachbhunaithe an Aontais do thíortha comhpháirtíochta, an Global Gateway,

cloíonn an tAontas le hardchaighdeáin i ndáil le cearta daonna, sóisialta agus oibrithe. Ina theannta sin, is rannchuidiú é cur chun cinn an idirphlé shóisialta lena áirithiú go dtairbhíonn an tsochaí ina hiomláine den chomhar sin.

**I mí Feabhra 2022, ghlac an Coimisiún a Theachtaireacht maidir le hObair Chuibhiúil ar Fud an Domhain**[27] lena n-athdhearbhaítear tiomantas an Aontais féachaint le hobair chuibhiúil a áirithiú san Aontas agus ar fud an domhain. Tacaíonn an tAontas le coincheap uilíoch na hoibre cuibhiúla mar a d'fhorbair EIS agus mar a léirítear i Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe. Ceann de na ceithre ghné de choincheap uilíoch na hoibre cuibhiúla is ea an t-idirphlé sóisialta agus an trípháirteachas. Tá saoirse comhlachais agus aithint éifeachtach an chirt chun cómhargála i measc na mbunchaighdeán oibre a leagtar amach i nDearbhú 1998 EIS maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha san Obair, agus is cuid de na gealltanais i gComhaontuithe Saorthrádála an Aontais agus i Scéim AE na bhFabhar Ginearálaithe Taraife Plus iad.

**Tá bunchaighdeáin idirnáisiúnta ESI atá ábhartha don idirphlé idirnáisiúnta daingnithe ag na Ballstáit uile.** Spreagann an Chomhairle, le tacaíocht ón gCoimisiún, do na Ballstáit leanúint de Choinbhinsiúin ESI[28] a dhaingniú agus a chur chun feidhme go héifeachtach. Iarrann sí ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún freisin feabhas a chur ar an idirphlé sóisialta ar gach leibhéal agus i ngach foirm, lena n-áirítear trí chomhar trasteorann agus trí chreat-chomhaontuithe idirnáisiúnta a chur chun cinn chun a áirithiú go mbeidh comhpháirtithe sóisialta rannpháirteach go gníomhach i dtodhchaí na hoibre a mhúnlú agus i gcuidiú le dul chun cinn sóisialta a dhéanamh, go háirithe trí aithint éifeachtach an chirt chun cómhargála.

**Déanfaidh an Coimisiún:**

- a leanúint d'iarraidh ar na Ballstáit Coinbhinsiúin ESI a dhaingniú agus a chur chun feidhme go héifeachtach, agus iad a chur chun cinn go hidirnáisiúnta;
- i gcomhar le ESI, tionscadal a sheoladh chun tacú le comhpháirtithe sóisialta i gCoistí an Aontais um Idirphlé Earnála, arna iarraidh sin dóibh, maidir le tabhairt faoi ghníomhaíochtaí i ndáil le slabhraí soláthair freagracha, lena n-áirítear urraim do chearta oibrithe.

**Iarrann an Coimisiún ar chomhpháirtithe sóisialta:**

- leanúint den idirphlé sóisialta a chur chun cinn go hidirnáisiúnta ar gach leibhéal.

[27] COM(2022) 66 final, ar fáil ar líne.
[28] Conclúidí ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2019, maidir le 'Todhchaí na hOibre: Dearbhú Céad Bliain na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair á chur chun cinn ag an Aontas Eorpach'